## AGUISÍN A GHABHANN LEIS AN nGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE LE hAGHAIDH BAILL FOIRNE AR CONRADH

(1) Scriostar an Roinn 'Réamhrá'.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4.5 'Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO', míreanna (8) agus (9):

'(8) Má theipeann ar iarrthóir, ní fhéadfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh a thabhairt dó arís chun na dtrialacha réasúnaíochta le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna ná grúpa feidhme níos airde go ceann **4 mhí** (ó dháta na dtrialacha) seachas sna cásanna dá dtagraítear thíos. Le linn na tréimhse sin, féadfar cuireadh a thabhairt don iarrthóir sin chun na dtrialacha réasúnaíochta le haghaidh grúpa feidhme níos ísle.

Iarrthóirí a rinne trialacha roimh mhí Eanáir 2025 agus ar theip orthu sna trialacha sin, ní féidir cuireadh a thabhairt dóibh arís chun na dtrialacha le haghaidh an ghrúpa feidhme chéanna nó le haghaidh grúpa feidhme níos airde go ceann **6 mhí** (ó dháta na trialach). Le linn na tréimhse sin, féadfar cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí sin chun na dtrialacha réasúnaíochta le haghaidh grúpa feidhme níos ísle.

(9) Ní hionann an tréimhse thuasluaite lena linn nach féidir cuireadh a thabhairt don iarrthóir chun na dtrialacha a bheith istigh agus an ceart a bheith ag an iarrthóir i gcónaí na trialacha a dhéanamh arís. Is féidir go dtabharfar an dara cuireadh don iarrthóir na trialacha a dhéanamh, má réamhroghnaíonn na seirbhísí earcaíochta é le haghaidh an fholúntais sin nó folúntas eile, agus sna cásanna sin amháin.'

(3) I Roinn 8.1 'Saincheisteanna teicniúla agus eagraíochtúla', cuirtear an mhír seo a leanas léi:

'(6) Is é is cuspóir do ghearán maidir le saincheisteanna teicniúla a bhíonn ann le linn na dtrialacha deis a thabhairt chun atástáil a dhéanamh ar na hiarrthóirí sin a meastar údar a bheith lena ngearáin agus chun cuidiú le EPSO cosc a chur ar shaincheisteanna teicniúla comhchosúla i dtrialacha amach anseo. Iarrthóirí a n-éireoidh leo sna trialacha (agus nach dtabharfar deis dóibh atástáil a dhéanamh dá bhrí sin), cuirfear torthaí a dtrialacha in iúl dóibh go díreach (trína gcuntas EPSO) ach ní bhfaighidh siad freagra maidir le toradh aon scrúdaithe ar a ngearán teicniúil.'

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 8.2 'Gearáin maidir le ceisteanna trialach réasúnaíochta':

### '8.2. Gearáin maidir le ceisteanna trialach

(1) Má mheasann iarrthóirí go bhfuil cúiseanna maithe acu lena chreidiúint gur chuir earráid i gceann amháin nó níos mó de na ceisteanna sna trialacha réasúnaíochta isteach ar a gcumas freagra a thabhairt, féadfaidh siad athbhreithniú a iarraidh ar an gceist / na ceisteanna lena mbaineann. Is é is cuspóir do ghearán maidir le ceisteanna trialacha aghaidh a thabhairt ar chás na n-iarrthóirí a bhféadfadh an earráid difear a dhéanamh dá dtorthaí trialacha agus cuidiú le EPSO na botúin chéanna a sheachaint sna trialacha amach anseo.

(2) Má chinneann EPSO, de thoradh ghearán an iarrthóra, go bhfuil earráid i gceist trialach, féadfaidh EPSO an cheist a neamhniú agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh. Ní tharlóidh

sé sin ach amháin nuair a d'fhéadfadh an earráid a thuairiscítear difear a dhéanamh do thorthaí tástála an iarrthóra. Sna cásanna sin, tabharfaidh EPSO pointe breise don iarrthóir sin le haghaidh gach ceiste a chuirtear ar neamhní, suas go dtí pointe amháin ar a mhéad in aghaidh na ceiste.

(3) Iarrthóirí nach féidir tionchar a bheith ag toradh a ngearán ar thorthaí a dtrialacha — toisc gur bhain siad amach na pasmharcanna nó toisc nach mbainfidís amach an pasmharc/na pasmharcanna fiú dá seasfaí lena ngearán — ní chuirfear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm ina leith.

(4) Chun gearáin maidir le ceist / ceisteanna sa triail réasúnaíochta a chur isteach, ba cheart don iarrthóir:

(a) dul i dteagmháil le EPSO tríd an bhfoirm theagmhála ar líne **laistigh de lá féilire amháin** (i.e. faoi dheireadh an lae tar éis lá na trialach atá i gceist),

(b) cur síos chomh cruinn agus is féidir a thabhairt ar an gceist/na ceisteanna lena mbaineann; agus

(c) míniú a thabhairt ar chineál na hearráide/na n-earráidí a líomhnaítear a bheith ann (féach pointe 4.4 de Bheartas EPSO maidir le Gearáin a Réiteach).

(5) Gearáin a chuirfear isteach tar éis an sprioc-ama agus gearáin gan cur síos soiléir ar an gceist / na ceisteanna is ábhar agóide agus / nó ar an earráid / na hearráidí a bhfuiltear ag líomhain go raibh sí / siad ann, ní chuirfear san áireamh iad. Gearáin nach luafar iontu ach saincheisteanna aistriúcháin a bhfuiltear ag líomhain go raibh siad ann, gan an fhadhb a shonrú, ní chuirfear san áireamh iad.'